Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12185/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0235(NLE)**

**ENER 430**
**RELEX 1146**
**COWEB 86**
**COEST 636**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11810/22 +ADD1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil le hionchorprú Rialachán (AE) 2022/1032 maidir le stóráil gáis in *acquis* an Chomhphobail Fuinnimh<br>- Glacadh |

1. An 3 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún an leagan Béarla de thogra faoi bhráid na Comhairle[1] maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil le hionchorprú Rialachán (AE) 2022/1032 maidir le stóráil gáis in *acquis* an Chomhphobail Fuinnimh. Fuair an Chomhairle na leaganacha teanga uile an 24 Lúnasa.

2. Pléadh an togra ag an gcruinniú den Mheitheal um Fhuinneamh an 1 Meán Fómhair 2022 agus ní dhearnadh aon agóid ina choinne.

[1] 11810/22 + ADD 1

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle mar a leagtar amach in 12060/22 + ADD 1 é;
- a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 12060/22 + ADD1 é, a ghlacadh;
- a thabhairt dá aire go gcuirfear glacadh an chinnidh in iúl do Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.